

# Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sóisireacha

## Tintreach agus Toirneach



### Céard is Toirneach ann?

Cruthaítear toirneach nuair a déantar an t-aer atá timpeall ar splanc thintrí a théamh go tapa, agus a fhuarú ina dhiaidh.

Déanann sé fuaim atá cosúil le pléasc mhór nó tormán íseal.



Tagann stoirmeacha toirní ó scamail mhóra dhorcha sa spéir. Gineann siad tintreach agus toirneach.

Féadann tintreach daoine agus foirgnimh a bhualadh agus is gá a bheith cúramach nuair atá stoirm thoirní ann dá bharr.



### Céard is tintreach ann?

Is é is tintreach ann ná an splanc a thagann amach as scamall i rit!

Téann solas ag luas níos tapúla ná fuaim agus is féidir leat an tintreach a fheiceáil sula gcloiseann tú an toirneach dá bharr.

### Cá mbuaileann splancanna tintrí?

Féadann tintreach beagnach aon áit a bhualadh.

Ní fíor é nach féidir le tintreach an áit chéanna a bhualadh níos mó ná uair amháin.

Buaileann tintreach an áit chéanna níos mó ná uair amháin - iliomad uaireanta i rith na stoirme céanna go hiondúil!



### Conas is féidir liom fanacht sábháilte nuair atá tintreach is toirneach ann?

Má chloiseann tú toirneach, ba chóir duit dul go háit sábháilte:

- Fan amach ó chrainn
- Crom síos má tá tú i spás oscailte
- Fan amach ó uisce
- Fan amach ó fhuinneoga, doirse agus póirsí